

# CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2010

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste



**CUNTAIS AN CHISTE**

**Rialtais Áitiúil 2010**

**agus**

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire**

**Cuntas agus Ciste**

## Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2010

- **Ginearálta**

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil faoin Acht Rialtais Áitiúil 1998 le feidhm ón 1 Eanáir, 1999.

Íoctar fáltais mótarachánach (glan ar aisíocaíochtaí) agus ranníocaíocht ón Státchiste isteach sa Chiste.

Ullmhaíodh na cuntais seo don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010.

## Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhrúithe.

- **Aitheantas ar Ioncam**

Léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn Údaráis Mótarchánach agus dlite don Chiste, faoi réir Ailt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhrúithe. Aithnítear maoiniú státchiste ar bhonn fáltas airgid.

- **Aitheantas ar Chaiteachas**

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar bhonn:

- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite dos na hÚdaráis Áitiúla sa bhliain 2010;
- aisíochtaí iníochtha don Roinn Iompair (Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí) ó chuntas an Chiste;
- forchúiteamh ar chaiteachas ar scéimeanna ceadaithe maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas ceadaithe ag an Aire agus tabhaithe ag Údaráis Áitiúla.

## Ciste Rialtais Áitiúil

### Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

### don Bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010


<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	<u>2010</u>	<u>2009</u>
		€	€
Ioncam Mhótarchánach	1	1,021,366,254	1,056,324,243
Maoiniú Státhchiste	2	241,403,000	443,000,000
Ús Bainc		1,077,139	1,398,401
		<u>1,263,846,393</u>	<u>1,500,722,644</u>

#### Caiteachas

Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha	3	762,784,350	832,668,626
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	4	411,409,000	548,190,000
Seirbhísí Uisce	5	38,521,688	38,164,319
Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí	6	14,853,737	19,329,000
Maoiniú um Ghéaraímsir an Gheimhridh	7	14,336,083	-
Beartais um Chuimsitheacht Shóisialta	8	680,100	716,895
Riarachán Cheadúnú Tiománaithe	9	200,000	141,637
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	10	52,500	52,500
Comhpháirtíocht Áitiúil	11	30,000	3,604,860
Iníúchadh ar Áiseanna Pobail, Ealaíon agus Spórt	12	21,859	262,736
Eile	13	281,231	1,055,774
Faoiseamh ó Thuilte		-	16,488,257
Párolla, Aoisliúntas & Acmhainní Daonna a Lánpháirtíú		-	200,000
Ciste Tionscadail		-	21,586
Seirbhís Phíolótach Mhaoir Pobail		-	15,075
		<u>1,243,170,548</u>	<u>1,460,911,265</u>

Farasbarr don Bhliain	20,675,845	39,811,379
Farasbarr Carnach ag 1 Eanáir	<u>61,827,364</u>	<u>22,015,985</u>
Farasbarr ag 31 Nollaig	<u>82,503,209</u>	<u>61,827,364</u>

Is cuid de na Cuntais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 14.

Síniú   
G. Tallon  
Ard-Rúnaí


Dáta 27/10/11

## Ciste Rialtais Áitiúil

### Clár Comhardaithe mar atá ar an 31 Nollaig 2010

	<u>Nótaí</u>	<u>2010</u>	<u>2009</u>
		€	€
<b><u>Sócmhainní Reatha</u></b>			
Banc		76,747,616	55,484,462
Mótarcháin dlite	14	<u>5,755,593</u>	<u>6,342,902</u>
		<u><b>82,503,209</b></u>	<u><b>61,827,364</b></u>
 <b><u>Dliteanais Reatha</u></b>			
Fabhrúithe		-	-
<b>Glansócmhainní</b>		<u><b>82,503,209</b></u>	<u><b>61,827,364</b></u>
<b>Léirithe ag Farasbarr ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		<u><b>82,503,209</b></u>	<u><b>61,827,364</b></u>

Is cuid de na Cuntais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 14.

Síniú   
 G. Tallon  
 Ard-Rúnaí

Dáta 27/10/11

## Ciste Rialtais Áitiúil

### Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid mar a bhí an 31 Nollaig, 2010

	<u>2010</u>	<u>2009</u>
	€	€
<b><u>An t-easnamh á réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u></b>		
Farasbarr don Bhliain	20,675,845	39,811,379
Ús a Tuilleadh ar Thaiscí	(1,077,139)	(1,398,401)
Laghdú ar Fhiacha Féichiúnaithe	587,309	1,317,836
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna atá dlite do Chreidiúnaithe	<u>-</u>	<u>(23,315,093)</u>
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u><u>20,186,015</u></u>	<u><u>16,415,721</u></u>
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>		
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	20,186,015	16,415,721
<b>Fáltas de bharr Infheistíochtaí agus Fónamh a dhéanamh ar Airgeadas</b>		
Ús a Tuilleadh ar Thaiscí	<u>1,077,139</u>	<u>1,398,401</u>
Méadú ar Airgead	<u><u>21,263,154</u></u>	<u><u>17,814,122</u></u>
<b><u>Glansreabhadh airgid á réiteach le gluaiseachtaí sna glanchistí</u></b>		
Athruithe ar Ghlanchistí de thoradh an tSreafa Airgid		
Glanchistí ag tús na Bliana	55,484,462	37,670,340
Glanchistí ag deireadh na Bliana	<u>76,747,616</u>	<u>55,484,462</u>
Méadú ar Airgead sa Bhliain	<u><u>21,263,154</u></u>	<u><u>17,814,122</u></u>

Is cuid de na Cuntais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 14.

Sínithe

*Geraldine Tallon*  
 G. Tallon  
 Ard-Rúnaí

Dáta

*27/10/11*

## Nótaí ar na Cuntais

### 1. Ioncam Mhótarchánach

Léiríonn an figiúr seo Ioncam Mótarchánach ó Údaráis Mótarchánach agus lamháltas déanta d'aisíocaíochtaí.

	2010	2009
	€	€
Ollioncam Mótarchánach	1,023,004,367	1,057,880,199
Lúide Aisíocaíochtaí	1,638,113	1,555,956
<b>Glanioncam Mótarchánach</b>	<b><u>1,021,366,254</u></b>	<b><u>1,056,324,243</u></b>

### 2. Maoiniú Státchiste

Léiríonn an figiúr seo an íocaíocht ó airgid a thugann an t-Oireachtas faoi réir Ailt 4 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cinneann an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil an tsuim in aghaidh na bliana, le cead an Aire Airgeadais.

### 3. Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha

Baineann an figiúr seo le híocaíochtaí do húdaráis áitiúla i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2010 agus meastar é ag tabhairt an múnla a úsáideann an Roinn i dtaobh riachtanais agus acmhainní / cothromú san áireamh. De bhun an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, caithfear asbhaintí a bhaineann le pinsin fostaithe (APF) na n-údarás áitiúla a íoc ar ais go dtí an Státchiste. I gcomhaontú leis an Roinn Airgeadais oibríonn an scéim APF ar bhonn neodrach ó thaobh ioncaim maidir leis an airneáil rialtais áitiúil. Coiníonn na húdaráis áitiúla an APF agus déantar íocaíochtaí deontais le cuspóir ginearálta glan de na hasbhaintí a choinnítear. Ba €85.7m an t-iomlán APF a chuir na húdaráis áitiúla in iúl don chiste maidir le 2010.

Sa bhliain 2010, ceadaíodh do na húdaráis áitiúla freisin 65% de na coigiltis phárolla rialtais áitiúil mar thoradh ar na scálaí pá laghdaithe le haghaidh seirbhísigh Stáit agus phoiblí a tugadh isteach ó 1 Eanáir 2010, leis an 35% eile ag teacht ón Státchiste a choinneáil. Sa bhliain 2010, laghdaíodh íocaíochtaí deontais le cuspóir ginearálta de €26m chun an 35% seo a thabhairt san áireamh. Íoctar caiteachas na n-Údarás Mótarchánach ón gCiste agus áirítear iad faoin gceannteideal seo.

## Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

### 4. Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Léirítear leis an roinn seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair ón gCiste chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla costais a sheasamh a bhain le clár oibreacha ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar ar tugadh Clár na mBóithre Neamhnáisiunta roimhe). Aistríodh freagracht as an gclár a riaradh chuig an Aire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir, 2008 agus ceadaítear don Aire íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste leis an Aire Iompair de bhua an Achta Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

### 5. Seirbhísí Uisce

Baineann an caitheachas seo leis na nithe seo leanas:

#### Grúpscéimeanna Uisce

Chaiteachas déanta ag Údaráis Áitiúla chuig grúp-scéimeanna uisce don scéim fordheontais i leith na gcostas oibriúcháin as uisce a sholáthar d'úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil i leith na gcostas tabhaithe ag na hÚdaráis Áitiúla i riarachán an Chláir Uisce Tuaithe déabhlóidithe.

#### Uisce agus Dramhuisce Údaráis Áitiúil

Deontais speisialta a íoctar do údaráis áitiúla chun cabhrú leo buaileadh le costais a bhaineann le hoibriú agus cothabháil ionad cóireála curtha i gcrích le déanaí €8.7m (€10m i 2009) agus costais a bhaineann le monatóireacht ar na soláthairtí uisce óil agus cóireála eisiltigh fhuíolluisce €11.8m (€13.4m i 2009).

#### Deontas Oiliúna na nÚdarás Áitiúil

Sa bhliain 2010 chuir an Roinn deontas speisialta ar fáil le haghaidh costais oiliúna baill foirne na n-Údarás Seirbhísí Uisce atá i mbun seirbhísí uisce oibríochtaí agus seachadadh bonneagair. Ba €1.022m caiteachas iomlán as an gCiste Rialtais Áitiúil le haghaidh 2010.

### 6. Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir don Chiste maidir le caiteachas na Roinne Iompair ar Cheadúnú Feithicle agus Tiománaí faoi réir Ailt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

### 7. Maoiniú um Ghéaraimsir an Gheimhridh

I Nollaig 2010, cuireadh €14.3m ar fáil mar mhaoiniú sa bhreis ón Chiste Rialtais Áitiúil do na húdaráis áitiúla sin is mó a buaileadh go trom le géaraimsir an gheimhridh 2010. Dáileadh an t-airgead ar 40 údarás áitiúil ar bhonn caitheachas incháilithe a bhí acu.



## Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

### 8. Beartais um Chuimsitheacht Shóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe ag Údaráis Áitiúla maidir le haonaid cuimsitheachta sóisialta a sholáthar agus do bheartais um chuimsitheacht shóisialta i limistéir chlár RAPID.

### 9. Riarachán Cheadúnú Tiománaithe

Le feidhm ón 18 Meitheamh 2002, aistríodh feidhm riartha cheadúnas tiomána ón Aire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil chuig an Aire Iompair. Thabhaigh an tAire Iompair caiteachas de €200,000 ceadúnais tiomána á riaradh sa bhliain 2010 (€141,637 – 2009).

### 10. Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin

Léiríonn an caiteachas seo maoiniú chun tacú leis an bhFóram Stiúrtha Uile-Oileáin ina bhfuil ionadaithe ó Chumann na bPríomfheidhmeannach Údaráis Áitiúil (SOLACE) agus Cumann Bhainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA). Is é ról an Fhóraithe ná caidreamh a chothú idir Údaráis Áitiúla ar bhonn uile-oileáin.

### 11. Comhpháirtíocht Áitiúil

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe maidir le tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla mar seo a leanas:

	2010	2009
	€	€
Clár Cinnreachta IPA	30,000	72,000
Deontas Comhpháirtíochta Údaráis Áitiúil	-	3,100,000
Clár MBA Corparáide Rialtais Áitiúil	-	432,860
<b>Iomlán</b>	<b>30,000</b>	<b>3,604,860</b>

### 12. Iniúchadh ar Áiseanna Pobail, Ealaíon agus Spórt

Léirítear leis an gcaiteachas seo maoiniúchán arb é ab aidhm leis cabhrú le hÚdaráis Áitiúla fardal a thiomsú maidir leis na háiseanna atá ar fáil sna fóntais pobail, spórt agus ealaíon ina limistéir faoi mar a mhol an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach

**13. Eile**

Tugtar cúnamh d'Údaráis Áitiúla chun costais thograí éagsúla a ghlanadh mar seo a leanas:

	2010	2009
	€	€
An tSeirbhís Dóiteáin a Fheabhsú agus a Nuashonrú	239,349	744,087
Córas Costasaithe Údaráis Áitiúil	41,882	57,144
Ceilliúradh 400 Chill Mantáin	-	200,000
Cúnamh Deontais do Cheantair Feabhasacháin Gnó	-	50,000
Comhphóilíneachta	-	4,518
Muirear arna ghearradh ag an mBanc	-	25
<b>Iomlán</b>	<b><u>281,231</u></b>	<b><u>1,055,774</u></b>

**14. Mótarcháin dlite**

Léiríonn sé seo dliteanas na nÚdarás Mótarchánach don Chiste maidir le Mótarcháin ag an 31 Nollaig, 2010. Cuimsíonn sé:

	2010	2009
	€	€
Mótarcháin dlite ag deireadh na bliana	4,162,752	4,863,948
Mótarcháin faoi bhealach sa chóras baincíreachta ag deireadh na bliana	1,592,841	1,478,954
<b>Iomlán</b>	<b><u>5,755,593</u></b>	<b><u>6,342,902</u></b>



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuairiscáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

### Ciste Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais don Chiste Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 faoi réir an Achta um Rialtas Áitiúil 1998. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta leagtha síos ann, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncain agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. 'Sé an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á ullmhú ná an dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn.

### Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste agus ar a staid ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhaontú leis an dlí is infheidhme.

Tá mo iniúchadh déanta trí thagairt do na nithe speisialta is gá a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Tá mo iniúchadh déanta i gcomhaontú leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta d'Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhaontú le Caighdeáin Chleachtas Iniúcháireachta an Bhoird d'Iniúcháirí Eiticíúla.

### Réimse an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

'Sé tá i gceist le iniúchadh ná fianaise a fháil i dtaobh méid agus nochtadh eolais sna ráitis airgeadais, gur leor í chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- chibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nocht go fónta
- réasúntacht na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus

- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaimse iarracht chomh maith fianaise a fháil i rith an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart i gcomhaontú leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 agus ar staid a ghnóthaí ar an dáta sin.

I mo thuairimse choimeád an Roinn na leabhair chuntais go ceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

### Ábhair ar a gTugaimse Tuairisc de réir eisceachta

Tugaimse tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair me an t-eolas agus na míniúcháin iomlán atá ag teastáil uaim do mo iniúchadh, nó
- gur thug mo iniúchadh aon chás ábhartha faoi ndeara nár cuireadh suimeanna airgid chun na húsáide a bhí beartaithe dóibh nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhaontú leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- go bhfaighimse aon chásanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi inar rinneadh an gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam i leith na hábhair seo a bhaineann le tuairisc de réir eisceachta.

John Buckley

31 Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste  
Deireadh Fómhair, 2011

